C/2024/1575

5.3.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa – Taidhleoireacht Aeráide an Aontais

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/1575)

Rapóirtéir: **Stefano MALLIA**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	25.1.2023
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
An rannóg atá freagrach	Caidreamh Seachtrach
Dáta a glactha sa rannóg	28.9.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	14.12.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	583
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	203/2/2

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Athdhearbhaíonn Coiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa (CESE) gur géarchéim eiseach anois í an ghéarchéim reatha aeráide, rud a fhágann nach mór beart dáiríre agus misniúil a dhéanamh ar an toirt. Ní féidir a bheith bogásach a thuilleadh. Is maith a thuigtear é sin do na fostóirí, do na ceardchumainn agus don tsochaí shibhialta agus tá siad go léir ar aon tuairim faoi.

1.2. Maidir le dul chun cinn a dhéanamh ar an taidhleoireacht aeráide, tá CESE go docht den tuairim gur cheart stádas níos tábhachtaí a bhronnadh uirthi mar ghníomhaíocht shuaitheanta de chuid an Aontais i réimse na ngnóthaí seachtracha agus an bheartais eachtraigh. Is éard is taidhleoireacht aeráide ann, go bunúsach, taidhleoireacht choisctheach il-leibhéil.

1.3. Aithníonn CESE an obair atá déanta go dtí seo agus molann sé an ról a ghlac an tAontas mar cheannaire is idirghabhálaí sa chaibidlíocht idirnáisiúnta maidir leis an aeráid chun teacht ar fhreagraí idirnáisiúnta gníomhaíochta ar son na haeráide ina gcuimsítear na cúiseanna (maolú) atá leis an athrú aeráide mar aon leis na hiarmhairtí (oiriúnú) a bhaineann leis. Mar sin féin, más mian leis an Aontas go gcuirfí muinín as agus go mbeadh sé ní ba láidre sa ról sin, ní hamháin nach mór dó spriocanna uaillmhianacha a leagan síos dó féin, ach caithfidh sé iad a bhaint amach go héifeachtach freisin.

1.4. Má theastaíonn ón Aontas ról lárnach a bheith aige maidir leis an aeráidneodracht a bhaint amach, beidh air plean úrnua straitéiseach agus inchreidte a ghlacadh ar mhaithe lena thaidhleoireacht aeráide a chur in oiriúint don tírdhreach geopholaitiúil atá ann faoi láthair agus do spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna). Ba cheart idir thosaíochtaí gearrthéarmacha, thosaíochtaí fadtéarmacha agus ghníomhaíochtaí nithiúla a leagan síos do ghníomhaithe éagsúla an Aontais mar chuid den straitéis sin d'fhonn an ghníomhaíocht ar son na haeráide a chomhtháthú i ngach réimse den ghníomhaíocht sheachtrach, lena n-áirítear an tslándáil agus an chosaint, an trádáil, infheistíochtaí, an córas iompair, an imirce, an comhar um fhorbairt, cúnamh airgeadais agus teicniúil, an cultúr agus an tsláinte. Ba cheart, freisin, cur le bosca uirlisí na taidhleoireachta trí bhíthin na straitéise sin le tionscnaimh nua dírithe ní hamháin ar an uaillmhian aeráide a ardú, ach ar thaithí an Aontais agus dea-chleachtais sa réimse sin a chomhroinnt, i dteannta chostas agus thairbhí an aistrithe aeráide agus an aistrithe chóir.

1.5. Tacaíonn CESE go láidir le dearcadh is leithne a ghlacadh ar thaidhleoireacht aeráide na hEorpa, is é sin le rá taidhleoireacht a bhfuil réimse gníomhaíochtaí éagsúla i gceist léi lena mbaineann gníomhaithe stáit agus gníomhaithe neamhstáit araon. Ní foláir ról na sochaí sibhialta, ról na ngeallsealbhóirí príobháideacha, ról na ngnólachtaí agus ról na gceardchumann a chur san áireamh i dtaidhleoireacht aeráide na hEorpa agus an leas is mó is féidir a bhaint as na róil sin. Trí bheartais a chomhchruthú a nglacfar leo go réidh agus a chuirfear chun feidhme go héasca, beifear in ann an taidhleoireacht aeráide a neartú trí leas a bhaint as réitigh atá in úsáid ar leibhéil dhifriúla (amhail an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal áitiúil), agus í a chur chun feidhme ar bhealach a d'fhéadfaí a chomhroinnt go seachtrach. Tá ról nach beag ag an tsochaí shibhialta agus ag an earnáil phríobháideach sa taidhleoireacht aeráide, agus is féidir leo dea-chleachtais a chomhroinnt lena bpiaraí eachtracha ach an tacaíocht chuí a bheith ann dóibh maille le creat dlí atá oiriúnach.

1.6. Ar mhaithe leis an méid sin thuas a fheabhsú, athdhearbhaíonn CESE na tograí uaidh chun líonra taidhleoireachta aeráide na sochaí sibhialta a bhunú agus na grúpaí comhairleacha baile a neartú. Creideann CESE gur cheart don Aontas an t-athrú aeráide a áireamh mar thosaíocht straitéiseach san idirphlé taidhleoireachta agus sna tionscnaimh thaidhleoireachta sna fóraim dhifriúla le comhpháirtithe éagsúla.

1.7. I gcomhthéacs COP 28, caithfear dhá iarracht riachtanacha a chur i gcrích a mhéid a bhaineann leis an taidhleoireacht aeráide: ar an gcéad dul síos, ar an ábhar gur rannchuidigh an tAontas go mór le bunú an Chiste Caillteanais agus Damáiste a comhaontaíodh ag COP 27, ba cheart dó anois dúthracht a chaitheamh le go bhfeidhmeodh an Ciste sin go héifeachtach; ar an dara dul síos, ós rud é go gcríochnófar, ag COP 28, an t-athbhreithniú domhanda ar chur chun feidhme Chomhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide, agus á chur san áireamh nach leor gealltanais dhomhanda an lae inniu chun spriocanna an Chomhaontaithe sin a bhaint amach, ba cheart don Aontas a sheacht ndícheall agus tuilleadh a dhéanamh chun tabhairt ar thíortha a spriocanna do 2030 a uasdátú, beart dáiríre a dhéanamh chun tacú leis na spriocanna sin agus leas níos fearr a bhaint as na réitigh go léir atá ar fáil dóibh.

2. **Cuspóir na tuairime seo**

2.1. Is é is cuspóir don tuairim seo dearcadh foriomlán CESE a thabhairt maidir leis an taidhleoireacht aeráide. A fhad ar a ghiorracht, is gné den bheartas gníomhaíochta seachtraí í an taidhleoireacht aeráide lena mbainistítear iomlán an athraithe aeráide agus lena dtugtar chun solais an gá atá le comhtháthú a dhéanamh ar na cuspóirí aeráide agus aghaidh a thabhairt ar na rioscaí aeráide ar an leibhéal taidhleoireachta is airde i ngach réimse beartais.

2.2. Is mian le CESE seasamh institiúideach a ghlacadh d'fhonn léiriú a dhéanamh ar dhearcadh shochaí shibhialta eagraithe an Aontais ar ról ríthábhachtach na taidhleoireachta aeráide le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide agus le fíorú ghealltanas an Aontais an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. Ó d'fhoilsigh an tAontas a chéad tuarascáil maidir leis an athrú aeráide agus an tslándáil idirnáisiúnta ('tuarascáil Solana', 2008 ([1])), tuarascáil ina sainaithnítear go sainráite go méadaítear na bagairtí slándála agus cobhsaíochta ar fud na cruinne as siocair an athraithe aeráide, chinn sé ar an athrú aeráide a áireamh mar ábhar beartais don ghníomhaíocht sheachtrach agus d'fhorbair sé coincheap na taidhleoireachta aeráide chomh maith le bosca uirlisí chun an uaillmhian aeráide ar fud an domhain mhóir a ardú. Cé go mbítí den tuairim ar dtús gur coincheap é sin a bhí sainiúil do gach tír, inniu tá cur chuige níos forleithne ann i leith na taidhleoireachta aeráide ina gcuirtear san áireamh an ról atá ag gníomhaithe neamhstáit agus ag na líonraí éagsúla idir tíortha agus laistigh den aon tír amháin maidir leis an uaillmhian aeráide a ardú.

3.2. Ina fhianaise sin uile, rinne an tAontas ról mar cheannaire is idirghabhálaí ([2]) a ghlacadh air féin chun teacht ar fhreagraí idirnáisiúnta gníomhaíochta ar son na haeráide ina gcuimsítear na cúiseanna (maolú) atá leis an athrú aeráide mar aon leis na hiarmhairtí (oiriúnú) a bhaineann leis. Ós láidir taidhleoireacht aeráide an Aontais, cuireadh comhghuaillíochtaí straitéiseacha ar bun, rud a chuidigh, *inter alia*, le tabhairt i gcrích Chomhaontú Pháras 2015 maidir leis an athrú aeráide. Ar an iomlán, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an Aontas sa chaidreamh idirnáisiúnta maidir leis an ról atá aige mar cheannaire atá cúramach ó thaobh cúrsaí aeráide de agus fágann sé sin gur láidre a chumhacht bhog agus a thionchar idirnáisiúnta ([3]). Rannchuidigh roinnt forbairtí dearfacha leis an méid sin ar fad amhail an nuashonrú leanúnach a mbítear á dhéanamh ar dhoiciméid straitéiseacha a bhaineann leis an tsaincheist sin, an Comhairleoir *Hors Classe* um an Taidhleoireacht Aeráide a ceapadh sa tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus seachtain na taidhleoireachta aeráide a reáchtáiltear gach bliain, ócáid a bhíonn gníomhaíochtaí á gcur ar siúl ag réimse gníomhaithe, lena n-áirítear ag toscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha. Rannchuidíonn CESE leis na hiarrachtaí trí chruinnithe na nGrúpaí Comhairleacha Baile a éascú. Sna cruinnithe sin, neartaítear comhpháirtíochtaí trádála le comhpháirtithe taobh amuigh den Aontas bunaithe ar fhás eacnamaíoch atá glas, cóir agus inbhuanaithe, agus neartaítear ról na sochaí sibhialta sna próisis sin.

3.3. Le seoladh an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip in 2019, tháinig dúshláin nua chun cinn do thaidhleoireacht aeráide an Aontais. Is é an Comhaontú Glas don Eoraip an plean is uaillmhianaí ar domhan a seoladh go dtí seo chun Comhaontú Pháras a chur chun feidhme. Leagtar síos ann cuspóir dícharbónaithe do 2050 i dteannta gealltanas maidir leis an dúlra a chosaint agus a athbhunú, agus aistriú cóir nach bhfágfar aon duine ar lár ann á áirithiú san am céanna. Níl amhras ar bith ann ach go ndéanfar difear don gheopholaitíocht mar thoradh ar an straitéis sin ([4]), agus í dírithe ar gheilleagar an Aontais a athrú ó bhonn ar bhealach inbhuanaithe. D'fhág glacadh an Dlí Aeráide Eorpaigh agus an phacáiste reachtaigh 'Oiriúnach do 55' go bhfuil cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais ceangailteach ó thaobh dlí agus oibríochtúil. Agus athbhreithniú déanta ar bheartais inmheánacha de chuid an Aontais le cuspóirí is uaillmhianaí aeráide a leagan síos, athróidh an caidreamh atá ag an Aontas le tíortha ar príomhsholáthraithe fuinnimh iad, agus le tíortha ina dtáirgtear amhábhair le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh agus teicneolaíochtaí glana. Beidh tionchar acu freisin ar phatrúin trádála agus infheistíochta, go príomha tríd an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha.

([1]) https://www.consilium.europa.eu/ueDocs/cms_Data/docs/pressdata/EN/reports/99387.pdf

([2]) S. Oberthür (2016) 'Where to go from Paris? The European Union in climate geopolitics', *Global Affairs*, (https://www.tandfonline.com/doi/abs/10.1080/23340460.2016.1166332).

([3]) Déantar achoimre ar an dul chun cinn sin i staidéar arna iarraidh ag an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus a foilsíodh in 2021: D. Tanzler, D. Ivleva, T. Hausotter, *EU climate change diplomacy in a post-COVID-19 world*, (https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2021/653643/EXPO_STU(2021)653643_EN.pdf).

([4]) M. Leonard, J. Pisani-Ferry, J. Shapiro, S. Tagliapietra agus G. Wolff (2021), 'The geopolitics of the European Green Deal', *Policy Contribution* 04/2021, Bruegel.

3.4. Fiú má éiríonn leis an Eoraip an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, ní bheidh sé sin leordhóthanach, ná fiú baol air, le sprioc Chomhaontú Pháras maidir le maolú a dhéanamh ar an téamh domhanda a bhaint amach, toisc nach bhfuil in astaíochtaí an Aontais faoi láthair ach méid is lú ná 10 % de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa domhanda. Fágann sé sin go bhfuil dhá phríomhdhúshlán roimh thaidhleoireacht aeráide an Aontais: tabhairt ar thíortha eile a n-uaillmhianta aeráide a mhéadú, a ngeilleagair a dhícharbónú go pras agus beartais nithiúla a fhorbairt chun na huaillmhianta sin a bhaint amach, agus tacaíocht á tabhairt do na tíortha is leochailí; agus dinimic chuiditheach a thógáil chun go bhféadfar an t-aistriú glas agus an t-aistriú cóir a bhaint amach ar bhonn níos tapúla trí leas a bhaint as a líonraí comhpháirtíochta agus trína acmhainneacht taidhleoireachta a fheabhsú.

3.5. Na laethanta seo, ní chuirtear an méid céanna fuinnimh sa ghníomhaíocht ar son na haeráide agus a cuireadh roimhe seo, ná ní chuirfear arís go ceann tamall eile ar a laghad, mar gheall ar na dúshláin ollmhóra slándála fuinnimh atá ann. Cé gur chinn an tAontas ar dhlús a chur lena aistriú glas tar éis phaindéim COVID-19, tá tionchar ag an gcogadh san Úcráin agus ag an ngéarchéim fuinnimh a d'eascair as sin ar na tosaíochtaí gearrthéarmacha i roinnt Ballstát, mar shampla tá moill ann deireadh a chur de réir a chéile leis an ngual nó, fiú, tá moill ar infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí nua eastósctha breoslaí toisc go gcaithfidh na Ballstáit sin freastal ar a riachtanais fuinnimh. Cuirfidh bearta den sórt sin mearbhall ar thríú tíortha agus beidh údar acu, dá réir sin, moilligh ar a n-aistriú féin toisc go dteastaíonn tuilleadh comhsheasmhachta uathu chun an t-aistriú glas a bhrostú, mar is léir ón bplean atá ann an spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú (REPowerEU).

3.6. Tá rath na taidhleoireachta aeráide ag brath go mór ar chinntí inmheánacha an Aontais maidir leis an aeráid. Le go gcreidfear san Aontas i gcónaí, ní hamháin go bhfuil air spriocanna uaillmhianacha a bhunú, ach caithfidh sé iad a bhaint amach go héifeachtach freisin. Tá sé thar a bheith tábhachtach a aithint nach bhfuil na bearta is gá á ndéanamh ag an Aontas chun fanacht faoi bhun na tairsí 1,5 °C, fiú má bhaintear amach na spriocanna atá ann faoi láthair. Ní foláir don Aontas fianaise a thabhairt go bhfuil sé toilteanach neartú ar a chuid uaillmhianta aeráide dá réir sin, a chuid laigí féin a aithint agus a léiriú go bhfuil sé oscailte, i ndáiríre, chun foghlaim ó náisiúin eile agus dea-chleachtais agus taithí á roinnt. Ina theannta sin, tá sé an-tábhachtach go mbeidh comhleanúnachas idir beartais aeráide an Aontais sna hearnálacha éagsúla ar mhaithe le cur chuige comhsheasmhach agus aontaithe a áirithiú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an athraithe aeráide agus chun inchreidteacht an Aontais mar cheannaire domhanda aeráide a fheabhsú tuilleadh. Tríd an gcur chuige iomlánaíoch sin a ghlacadh, bheadh an tAontas in ann timpeallacht a chothú a mbeadh comhar barántúil inti, rud a neartódh na hiarrachtaí ar fud an domhain chun an t-athrú aeráide a chomhrac agus a d'fhreagródh go héifeachtach do na dúshláin phráinneacha a eascraíonn as.

3.7. Bliain chinniúnach is ea 2023 i dtaca leis an gcóras aeráide idirnáisiúnta. Ag COP 28, cuirfear i gcrích an tríú céim, arb í sin an chéim deiridh, den athbhreithniú domhanda ar chur chun feidhme Chomhaontú Pháras. Is céim ríthábhachtach í an chéim sin chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn comhchoiteann an domhain maidir le cuspóir agus spriocanna fadtéarmacha an Chomhaontaithe a bhaint amach. Ní leor na rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta (NDCanna) a rinneadh go dtí seo, áfach, le laghdú ar ghlanastaíochtaí a dhéanamh a bheidh ag teacht leis an sprioc 1,5 °C. Ní mór don Aontas tarraingt ar a líonra comhpháirtíochta le teacht ar chomhaontú chun deireadh a chur de réir a chéile le hiomlán na mbreoslaí iontaise agus chun luí ar na maidí agus deireadh de réir a chéile á chur leis an ngual. Chuige sin, ba cheart don Aontas a léiriú gur féidir creidiúint ann agus go bhfuil sé tiomanta don aistriú glas trína bheartas fuinnimh a ailíniú leis na cuspóirí aeráide. Ar an gcaoi sin, d'fhéadfadh an tAontas treoir a chur ar fáil don chéad ghlúin eile NDCanna.

3.8. Tá roinnt tíortha ann, arb iad is údar le han-chuid astaíochtaí, agus tá pleananna uaillmhianacha aeráide curtha chun cinn acu nach bhfuil go hiomlán i gcomhréir lena ngealltanais idirnáisiúnta. Agus na Stáit Aontaithe ar an dara tír is mó is údar le hastaíochtaí CO_2, taobh thiar den tSín, tá pacáiste cuimsitheach beartais aeráide tugtha isteach ag an tír san Acht um Boilsciú a Laghdú chun cuidiú lena sprioc aeráide do 2030 a bhaint amach. Is ábhar mór imní an pacáiste sin, áfach, ós rud é go mbeidh éifeachtaí saofa ag na fóirdheontais a dheonófar le haghaidh teicneolaíochtaí atá neamhdhíobhálach don aeráid ina gcuirtear san áireamh na bearta maidir le hábhair logánta agus, mar sin, cuirfear d'iachall ar iomaitheoirí, an tAontas san áireamh, an rud céanna a dhéanamh. Caithfear deimhin a dhéanamh de nach gcríochnóidh an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide ina chogadh fóirdheontas. Is fearr comhar ná coimhlint. Ar aon dul leis sin, ní mór aghaidh a thabhairt freisin ar fhóirdheontais breosla iontaise.

4. **Barúlacha sonracha**

Ról lárnach an Aontais maidir leis an aeráidneodracht a bhaint amach

4.1. Creideann CESE gur cheart don Aontas an t-athrú aeráide a áireamh mar thosaíocht straitéiseach san idirphlé taidhleoireachta agus sna tionscnaimh thaidhleoireachta sna fóraim dhifriúla le comhpháirtithe éagsúla.

4.2. Creideann CESE gur cheart don Aontas stádas na taidhleoireachta aeráide a ardú (agus a athbhunú) le go mbeadh sí ina beartas suaitheanta i gcaidreamh eachtrach agus i ngnóthaí seachtracha an Aontais. Ós rud é gur mó sa mhó a bhíonn baint ag an athrú aeráide leis an imirce agus feiniméin eile, is léire ná riamh go gcruthóidh na héagothromaíochtaí atá ann ó thaobh na haeráide de roinnt mhaith de na dúshláin sheachtracha a mbeidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu go han-luath. Ina fhianaise sin, ba cheart an taidhleoireacht aeráide a chur i lár an chaidrimh taidhleoireachta trí chéile agus í a chomhtháthú leis ina hiomláine. Ar an gcaoi sin, chuirfí uirlis chumhachtach fhóinteach ar fáil don Aontas a chuirfeadh ar a chumas fanacht ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain ó thaobh na taidhleoireachta de.

4.3. Má theastaíonn ón Aontas ról lárnach a bheith aige maidir leis an aeráidneodracht a bhaint amach, beidh air plean úrnua straitéiseach agus inchreidte a ghlacadh ar mhaithe lena thaidhleoireacht aeráide a chur in oiriúint don tírdhreach geopholaitiúil atá ann faoi láthair. Ba cheart idir thosaíochtaí gearrthéarmacha, thosaíochtaí fadtéarmacha agus ghníomhaíochtaí nithiúla a leagan síos do ghníomhaithe éagsúla an Aontais mar chuid den straitéis sin d'fhonn an ghníomhaíocht ar son na haeráide a chomhtháthú i ngach réimse den ghníomhaíocht sheachtrach, lena n-áirítear an trádáil, infheistíochtaí, an córas iompair, an imirce, an comhar um fhorbairt, an cultúr agus an tsláinte.

4.4. D'fhéadfadh an tAontas cur le bosca uirlisí na taidhleoireachta aeráide trí bhíthin tionscnaimh nua dírithe ní hamháin ar an uaillmhian aeráide a ardú, ach ar thaithí an Aontais sa réimse sin a chomhroinnt agus aghaidh a thabhairt ar rioscaí a bhaineann leis an aeráid chomh maith. Tá sé de dhualgas ar an Aontas an saineolas agus an t-eolas atá aige a chomhroinnt le tíortha eile maidir le hastaíochtaí carbóin a laghdú, lena n-áirítear an Córas Trádála Astaíochtaí (CTA) agus teicneolaíochtaí atá tíosach ar fhuinneamh, agus aitheantas a thabhairt don ról ríthábhachtach atá ag foinsí in-athnuaite maidir leis an tslándáil fuinnimh a fheabhsú.

Cur chuige iomlánaíoch le dul i ngleic leis an athrú aeráide

4.5. Is mian le CESE cur chuige iomlánaíoch a chur chun cinn le dul i ngleic leis an athrú aeráide. Feictear do CESE nach fadhb chomhshaoil amháin é an t-athrú aeráide a dteastaíonn réitigh theicniúla nó iompraíochta chuige, ach gur fadhb shóisialta é chomh maith a dteastaíonn réimse is leithne réiteach chuige, lena n-áirítear athruithe eacnamaíocha, polaitiúla, cultúrtha agus institiúideacha. Maidir le cuid de na réitigh sin, bheifí in ann athruithe a thabhairt isteach sa tsochaí lena rachfaí i ngleic le níos mó ná aon dúshlán amháin ó thaobh na haeráide agus fothú acmhainneachta de, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht agus an neamhionannas, neamhshlándáil bia, neamhshlándáil uisce, cailliúint bithéagsúlachta agus géarchéimeanna sláinte. Ag an am céanna, leis na réitigh ar na dúshláin sin, d'fhéadfadh sé go rannchuideofaí leis an athrú aeráide a mhaolú agus le hoiriúnú dó. Ar an gcúis sin, ní mór an taidhleoireacht aeráide a bheith mar chuid lárnach de straitéis uileghabhálach, bunaithe ar ghealltanais an Aontais chun SDGanna na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

An taidhleoireacht aeráide agus comhaontuithe trádála

4.6. Ní mór don Aontas a aithint cé chomh tábhachtach agus atá sé beartais trádála a ailíniú lena chuspóirí uaillmhianacha aeráide agus leis an taidhleoireacht aeráide. Teastaíonn cur chuige cuimsitheach ina leith sin lena n-áiritheofar go ndéanfar astaíochtaí a laghdú ar an iomlán seachas iad a sheachfhoinsiú, mar a rinneadh san am a chuaigh thart. Tríd an inbhuanaitheacht a chur chun cinn agus an aeráid a ionchorprú i gcomhaontuithe trádála, beidh an tAontas in ann creat domhanda a chothú lena spreagfar cosaint an chomhshaoil agus cleachtais ísealcharbóin. Tá sé ríthábhachtach cleachtais chóirthrádála a leabú i gcomhaontuithe den sórt sin agus ar an gcaoi sin sceitheadh carbóin a laghdú ([5]) agus athlonnú tionscal ardastaíochtaí i dtíortha a bhfuil rialacháin chomhshaoil níos boige acu a chosc. Is gné ríthábhachtach é sin más ea go dteastaíonn ón Aontas go n-éireoidh leis a bheith ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain maidir leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide.

An Comhaontú Glas don Eoraip agus na himpleachtaí atá aige do Thaidhleoireacht Aeráide an Aontais

4.7. Ba cheart don Choimisiún Eorpach agus don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí mapáil agus anailís a dhéanamh ar na tionchair gheopholaitiúla agus ar na deiseanna a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais, á gcur san áireamh na dúshláin reatha inmheánacha agus sheachtracha agus an tionchar atá acu sin ar an tsochaí shibhialta. Is gá fiosrúchán a dhéanamh ar iarmhairtí geopholaitiúla an Chomhaontaithe Ghlais do ghníomhaithe gnó agus neartú a dhéanamh ar an idirphlé maidir leis na deiseanna gnó agus na rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide.

4.8. Creidfear san Aontas Eorpach má éiríonn leis an Comhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme go héifeachtach, rud a chuirfeadh ar a chumas gníomhaithe eile a spreagadh le pleananna comhchosúla gníomhaíochta glasa a dhréachtú. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas feabhas a chur ar an gcomhar i measc ghníomhaithe an Aontais – na Ballstáit agus na hinstitúidí araon – ionas go ndéanfadh siad a mbeartais ar leith a ailíniú leis na cuspóirí aeráide agus ionas go gcuirfí dlús leis an ngníomhaíocht intíre maidir le cur chun feidhm an Chomhaontaithe Ghlais. Ba cheart comhordú níos fearr a bhunú le haireachtaí gnóthaí eachtracha na mBallstát trína chur ina luí orthu a ngnóthaí eachtracha a ailíniú le riachtanais aeráide agus le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais.

4.9. Tá i bhfad níos mó i gceist le pacáistí an Chomhaontaithe Ghlais ná gnéithe beartais aonair. Is féidir leis an Aontas ról tábhachtach a bheith aige trí chúnamh teicniúil a chur ar fáil, trí acmhainneachtaí a fhorbairt chun pleananna gníomhaíochta réigiúnacha a dhréachtú agus trí aistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a bhaint amach faoi 2050. D'fhéadfaí a áireamh sna pleananna gníomhaíochta réigiúnacha sin, mar shampla, Comhaontú Glas don Mheánmhuir i gcás an chomhair Eora-Mheánmhara, Comhaontú Glas d'Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) i gcás Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, nó Comhaontú Glas d'Oirdheisceart na hEorpa i gcás Phróiseas Comhair Oirdheisceart na hEorpa.

([5]) IO C 429, 11.12.2020, lch. 66.

4.10. Níl na hacmhainní airgeadais agus teicneolaíocha ag gach Ballstát chun dul chun cinn a dhéanamh ar an luas céanna. Ba chóir don Aontas ceannaireacht a thabhairt agus bonneagar agus córais mhaoinithe agus rialachais a fhorbairt trí fhoinsí airgeadais poiblí agus príobháideacha a shlógadh chun cuidiú le tíortha comhpháirtíochta agus le tíortha comharsanachta tionchar an Chomhaontaithe Ghlais a bhainistiú, pleananna um aistriú cóir a mhúnlú agus tacú le tionscadail um oiriúnú agus um bainistiú riosca ar mhaithe le rioscaí leochaileachta aeráide a chosc agus a laghdú.

An Comhaontú Gorm don Eoraip ([6])

4.11. Creideann CESE go bhfuil an ghéarchéim uisce de chineál go gcaithfear dul i ngleic léi ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon. Ní mór aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim seo leis an bpráinn agus an treallús céanna a bhíonn i gceist agus aghaidh á tabhairt ar an ngéarchéim aeráide, á chur san áireamh, ar ndóigh, go bhfuil nasc soiléir idir an dá cheann acu. Tá CESE ag iarraidh go mbunófaí an Comhaontú Gorm don Aontas mar thosaíocht straitéiseach neamhspleách, ar rud é sin a dteastóidh ceannaireacht shoiléir ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta chuige.

4.12. Tá CESE ag iarraidh go mbunófaí Lárionad Eorpach Uisce lena ngabhfadh gné idirnáisiúnta agus a d'fhéadfadh cúnamh a thabhairt do na náisiúin, laistigh agus lasmuigh de chomharsanacht na hEorpa, ó thaobh bainistiú uisce de. Ba cheart scoth an chomhoibrithe a léiriú sa Lárionad seo agus moltaí beartais a chur ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar chuspóirí beartais an Chomhaontaithe Ghoirm.

COP 28 agus comhaontuithe idirnáisiúnta

4.13. Bhí ról nach beag a thábhacht ag an Aontas sa chinneadh cinniúnach a rinneadh ag ócáid COP 27 in Sharm-el-Sheikh maidir le Ciste Caillteanais agus Damáiste a chur ar bun. Dúshlán mór a bheidh ann sa bhliain amach romhainn an Ciste a chur i ngníomh agus a chaipiteal airgid a dhaingniú. Ar mhaithe lena áirithiú nach gclisfidh ar an tionscadal sin riamh, ní mór slógadh cistí le haghaidh caillteanas agus damáiste a áireamh ar cheann de phríomhspriocanna thaidhleoireacht aeráide an Aontais.

4.14. Tá tuilleadh i gceist leis an athrú aeráide a chomhrac ná astaíochtaí CO_2 a mhaolú. Áirítear réimse saincheisteanna difriúla ann, go háirithe an t-oiriúnú, bainistiú uisce, cailliúint bithéagsúlachta agus an truailliú. I roinnt mhaith cásanna, b'fhearr cur chuige sineirgisteach a ghlacadh i leith na saincheisteanna sin d'fhonn na tíortha is leochailí a chosaint. Gníomhaíochtaí cosanta agus athbhunaithe dúlra a dhéantar laistigh den Aontas agus fud fad na cruinne le tacaíocht ón Aontas, i gcomhréir le Creat Domhanda Bithéagsúlachta iar-2020 Kunming-Montréal agus le cur chun feidhme Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030, is féidir go rachadh gníomhaíochtaí mar sin chun sochair don phróiseas maidir leis an athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó.

4.15. Maidir le SDGanna na Náisiún Aontaithe do 2030, ar thacaigh CESE leo i dtuairimí roimhe seo, aithnítear iontu go bhfuil na spriocanna sin ar fad nasctha le chéile agus tugtar treochlár domhanda iontu lena gcumhdaítear ní hamháin an tsaincheist aeráide, ar saincheist phráinneach í sin, ach spriocanna riachtanacha eile maidir le hinbhuanaitheacht eacnamaíoch agus shóisialta chomh maith. Chuige sin, is féidir leis an Aontas a bheith ina fhíor-chomhpháirtí leis na náisiúin eile trí shaineolas, eolas, dea-chleachtais agus teicneolaíochtaí a chur ar fáil chun na SDGanna a bhaint amach agus chun an bealach chun cinn a leagan amach.

Taidhleoireacht aeráide il-leibhéil

4.16. Is taidhleoireacht il-leibhéil í an taidhleoireacht aeráide. Is cuid den taidhleoireacht aeráide í an taidhleoireacht thraidisiúnta idir stáit ach, chomh maith leis sin, bíonn gníomhaithe taidhleoireachta eile rannpháirteach inti freisin, amhail réigiúin, cathracha, gnólachtaí, ceardchumainn trádála, lucht acadúil agus saineolaithe eolaíochta. Tá sé d'acmhainn ag gach ceann de na gníomhaithe fonáisiúnta sin obair a dhéanamh de ghrá athrú, de ghrá an aistrithe aeráide. Creideann CESE gur cheart don tsochaí shibhialta ról ríthábhachtach a imirt maidir le beartais aeráide uaillmhianacha agus éifeachtacha a chomhchruthú san Eoraip agus ar fud an domhain. Ní mór don Aontas dea-shampla a thabhairt agus cur ar chumas na sochaí sibhialta, lena n-áirítear mná agus daoine óga, a bheith rannpháirteach go struchtúrtha i gceapadh beartas aeráide. Ní mór dó freisin Stáit eile a spreagadh le cur chuige den sórt sin, is é sin le rá cur chuige rannpháirtíoch agus cuimsitheach, a ghlacadh agus a bhfreagraí ar an athrú aeráide á gceapadh acu.

4.17. Is féidir comhar agus comhordú aeráide ar bhonn idirnáisiúnta a bhaint amach freisin trí bhíthin líonraí éagsúla a mbíonn baint ag na húdaráis áitiúla, na comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta leo. Molann CESE coincheap na taidhleoireachta aeráide a chur i bhfeidhm mar bhealach leis an idirphlé a chur chun cinn agus leis an gcomhar a neartú agus aghaidh á tabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leis an athrú aeráide ar an uile leibhéal, laistigh den aon tír amháin agus idir tíortha araon, agus cur chun feidhme chearta idirnáisiúnta an duine san áireamh go hiomlán. Tá sé d'acmhainn ag an Aontas an t-idirphlé maidir leis an aeráid a leathnú le go bpléifear ann freisin na bealaí chun an aeráidneodracht a chur chun cinn agus an chaoi a gcuirtear chun feidhme spriocanna an aistrithe chóir agus an téarnaimh ghlais san Aontas.

([6]) Tuairim ó CESE *Scáth-thuairim 'Achainí ar son Comhaontú Gorm don Eoraip'* (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil).

4.18. Mar chuid den taidhleoireacht aeráide, ba cheart dearcadh idirghlúine a chur chun cinn, ceann lena gcosnófaí riachtanais agus cearta na nglúnta atá le teacht. Ní foláir straitéisí agus beartais a cheapadh ar mhaithe le folláine na nglúnta sin agus le todhchaí inbhuanaithe a áirithiú dóibh. Ina theannta sin, tá sé an-tábhachtach go deo go n-aithneofar an ról ríthábhachtach atá ag daoine óga i gceapadh beartas aeráide sa chaoi agus go mbíonn dearcthaí úra agus smaointe nuálacha acu i dtaca leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, gan trácht ar a dhiongbháilte a bhíonn siad ina leith sin i gcónaí. Trína chur ar chumas daoine óga a bheith ina ngníomhairí taidhleoireachta agus trína rannpháirtíocht i líonraí idirnáisiúnta a chothú, d'fhéadfaí líonraí cumhachta comhair a chruthú agus gníomhaíocht bhunathraitheach a sheoladh ar mhaithe le domhan níos inbhuanaithe.

4.19. Ba chóir don Aontas a léiriú gur ceannaire atá ann trí fhógra a thabhairt faoi na bagairtí agus na deiseanna a bhaineann leis an athrú aeráide, i dteannta na gcostas agus na dtairbhí a bhaineann leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide, agus trí thimpeallacht cumasúcháin a chruthú chun athraithe. Is mian le CESE aird a tharraingt ar an togra chun líonra taidhleoireachta aeráide na sochaí sibhialta a chruthú, rud ar thacaigh sé leis i dtuairimí eile uaidh roimhe seo ([7]). Molann sé freisin na geallsealbhóirí a mbíonn tionchar acu ar stádas an athraithe aeráide ar an gclár oibre polaitiúil a ghríosú chun gnímh freisin, mar shampla na meáin, an tionsclaíocht agus an tsochaí shibhialta i gcoitinne. Bhainfí torthaí ní b'fhearr amach agus thosófaí ag caint ar na réitigh a chur chun feidhme ach comhoibriú a bheith ann idir na disciplíní agus na hearnálacha difriúla.

4.20. Molann CESE d'institiúidí an Aontais tionscnaimh a dhearadh le haghaidh scéimeanna nua a bheadh rannpháirtíoch agus ní ba chuimsithí ionas go bhféadfaí réitigh trasteorann ar shaincheisteanna aeráide a chomhchruthú, agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh den sórt sin.

An Bhruiséil, an 14 Nollaig 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Oliver RÖPKE

([7]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: 'Fit for 55': delivering the EU's 2030 Climate Target on the way to climate neutrality [An pacáiste 'Oiriúnach do 55': sprioc aeráide an Aontais do 2030 i dtreo aeráidneodracht a bhaint amach (IO C 275, 18.7.2022, lch. 101).